6066. M8C 6066L001A2IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar II

Ardleibhéal

3 uair 5 nóiméad

120 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

Ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi **thrí** cheist mar seo a leanas:

Ceist 1 (50 marc)
**agus**
Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc)
**agus**
Ceist 4 (40 marc)

**Ceist 1**: Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **nó** Léamhthuiscint B (50 marc).
Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Freagair Ceist **2** (30 marc) **nó** Ceist **3** (30 marc).

**Ceist 2:** Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).

**2A. Prós Ainmnithe**
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2A (a) **nó** 2A (b).

**2B. Prós Roghnach**
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2B (a) **nó** 2B (b).

**NÓ**

**Ceist 3:** Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).

**3A. Filíocht Ainmnithe**
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3A (a) **nó** 3A (b).

**3B. Filíocht Roghnach**
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3B (a) **nó** 3B (b).

**Ceist 4:** An Litríocht Bhreise (40 marc)
Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

## *Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (50 marc)*

Freagair Léamhthuiscint A **nó** Léamhthuiscint B anseo.

**A – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

**Micheál D. Ó hUiginn**

**1.** Féadtar a rá nach raibh sé furasta ag Micheál D. Ó hUiginn imeacht as Teach Laighean den uair dheiridh mar Theachta Dála do Ghaillimh Thiar sa bhliain 2011. Sular fhág sé a oifig, b'éigean dó a dheasc a fholmhú agus carn mór cáipéisí a chrochadh leis. Ní hiontas ar bith é go raibh an oiread sin páipéarachais cruinnithe aige. Bhí sé ina léachtóir ollscoile ar feadh i bhfad sular roghnaigh sé saol na polaitíochta lánaimseartha. Ansin ionadaí pobail ba ea é ar roinnt leibhéal – bhí sé ina Theachta Dála ar feadh cúig bliana is fiche, ina Sheanadóir ar feadh naoi mbliana agus chaith sé dhá thréimhse ina Mhéara ar chathair na Gaillimhe. Ba phribhléid mhór dó a bheith ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta i Rialtas na hÉireann sna blianta 1993-97. Bhí sé de fhreagracht air an Ghaeilge a chur chun cinn i rith na tréimhse sin agus geilleagar na Gaeltachta a fhorbairt. Is údar mór bróid dó beart tábhachtach amháin a rinneadh le linn a ré mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta – is é sin bunú Theilifís na Gaeilge sa bhliain 1996. Ar ndóigh, TG4 a thugtar ar an tseirbhís sin anois.

**2.** Rugadh Micheál D. Ó hUiginn ar an 18 Aibreán 1941 i gcathair Luimnigh agus tógadh ar fheirm a aintín é i gContae an Chláir. Chaith sé tamall ag obair i monarcha agus tamall ina chléireach sular thosaigh sé ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. Ba é an chéad duine dá mhuintir é a d'fhreastail ar choláiste tríú leibhéal. Ina dhiaidh sin, chaith sé tréimhsí ar ollscoileanna i Manchain, Sasana, agus in Indiana, Meiriceá. Deir sé gur thug sé faoi fhoghlaim na Gaeilge trí huaire. Sa scoil a d'fhoghlaim sé den chéad uair í agus rinne sé a chuid ábhar Ardteistiméireachta go léir trí mheán na Gaeilge. An dara huair ansin, ar Choláiste na hOllscoile i nGaillimh, áit a ndearna sé ceann dá chéimeanna trí mheán na Gaeilge. Chuaigh sé go Meiriceá ina dhiaidh sin agus ba ansin a chuala sé 'an Ghaeilge bheo' á labhairt ag muintir Chonamara thall. As sin amach theastaigh uaidh 'an Ghaeilge bheo' sin a chleachtadh in ionad 'Ghaeilge na leabhar' a bhí aige go dtí sin. D'fhill sé ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh mar léachtóir le polaitíocht agus le socheolaíocht. Ba sa bhaile a fuair sé a chéad bhlas ar an bpolaitíocht. Ghlac a athair agus uncail leis páirt i gCogadh na Saoirse agus sa bhliain 1923 cuireadh a athair i ngéibheann ar an gCurrach.

**3.** Bhí Micheál D. Ó hUiginn i mbun feachtais ar feadh a shaoil ar son chearta an duine agus ar son chur chun cinn na síochána agus an daonlathais, in Éirinn agus ar fud an domhain. Sa bhliain 1992, bhronn an Biúró Síochána Idirnáisiúnta i Heilsincí Duais Síochána Mhic Giolla Bhríde ar Mhicheál D. mar aitheantas ar a chuid oibre ar son na síochána agus an chirt ar fud an domhain. Ba é an chéad duine é ar bronnadh an duais seo air. Is ar chearta, ar chothromaíocht agus ar dhínit an duine a bhíonn poblacht cheart bunaithe, dar leis. Creideann sé go bhfuil an ceart ag gach duine fáil a bheith aige ar bhia, ar dhídean agus ar sheirbhísí sláinte. Is é a thuairim láidir gur chóir na cinntí a mbíonn impleachtaí acu don tsochaí a dhéanamh ar shlí oscailte dhaonlathach. Dar ndóigh, ní mar pholaiteoir amháin atá clú ar Mhicheál D. Ó hUiginn. Is fear é ar luachmhar leis cúrsaí cultúir i gcoitinne. Tá sé léirithe aige fosta gur scríbhneoir cumasach é agus, go dtí seo, tá ceithre chnuasach filíochta, dhá chnuasach aistí agus dhá chnuasach dá chuid óráidí foilsithe aige. Sna haistí, cíorann sé gnéithe éagsúla den pholaitíocht, den tsocheolaíocht, den stair agus de chultúr na hÉireann.

**4.** Toghadh Micheál D. Ó hUiginn mar Uachtarán na hÉireann den chéad uair ar an 27 Deireadh Fómhair 2011. Léirigh vótálaithe na hÉireann go raibh siad an-sásta lena chéad tréimhse mar Uachtarán mar toghadh arís mar Uachtarán é le móramh mór in 2018. Insealbhaíodh é don dara tréimhse mar Uachtarán ar an aonú lá déag de Shamhain 2018. Cé nach mbíonn an tUachtarán páirteach i ngnáthchúrsaí polaitíochta an lae in Éirinn, tá cumhachtaí agus ról tábhachtach ag an Uachtarán faoi Airteagal 13 de Bhunreacht na hÉireann. Tá na Fórsaí Cosanta faoi ardcheannas

an Uachtaráin agus is é a cheapann an Taoiseach agus na hAirí Rialtais. Nuair a théann an tUachtarán ar cuairt oifigiúil go tíortha eile is thar ceann mhuintir na hÉireann a théann sé agus a labhraíonn sé. Dá bharr sin, tugtar aird go hidirnáisiúnta ar na cuairteanna sin agus ar a mbíonn le rá aige. In 2014, thug sé cuairt stáit ar an Ríocht Aontaithe. Tugadh suntas faoi leith don chuairt sin mar b'in é an chéad uair a thug Ceann Stáit na hÉireann cuairt oifigiúil ar an Ríocht Aontaithe ó bunaíodh an stát seo.

**5.** Ar ócáid a insealbhaithe thagair Micheál D. Ó hUiginn do chúiseanna a gcuireann sé féin spéis iontu. Ina measc sin, tá géarchéim na tithíochta, an bhochtaineacht i dtíortha thar lear, an t-athrú aeráide agus tábhacht na Gaeilge. Taispeánann an tUachtarán a thábhachtaí is atá an Ghaeilge aige mar labhraíonn sé an Ghaeilge go rialta ar ócáidí poiblí. D'oscail sé Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge in 2016 agus lainseáil sé Seachtain na Gaeilge ar an 1 Márta 2021. Ar an 1 Eanáir 2022, d'fháiltigh sé roimh lánstádas a bheith bainte amach ag an nGaeilge san Aontas Eorpach. In óráid a thug sé do Chumann Innealtóirí Éireann ar an 21 Deireadh Fómhair 2020 labhair sé faoin athrú aeráide agus faoin ról atá ag innealtóirí ag déanamh taighde agus ag spreagadh daoine glacadh le nósanna maireachtála atá níos inbhuanaithe. Is breá le Micheál D. ábhar machnaimh a thabhairt do dhaoine. Chun na críche sin, bhunaigh sé an tionscnamh Machnamh 100 i mí na Samhna 2020 chun deis a thabhairt do dhaoine cúrsaí na hÉireann sa tréimhse chinniúnach céad bliain ó shin a phlé agus teacht ar thuiscint níos doimhne orthu. Le linn a chéad tréimhse san Áras, bhí daoine an-tógtha lena dhá mhadra Síoda agus Bród. Faraor d'éag Síoda in 2020 ach tá coileán óg, Misneach, faighte aige anois. 'As lámha a chéile a mhairimid' an fhealsúnacht saoil atá ag an Uachtarán Micheál D.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**Ceisteanna**

**1. (a)** Luaigh **dhá** rud a rinne Micheál D. Ó hUiginn sular fhág sé a oifig i dTeach Laighean. (Alt 1)

**(b) (i)** Cén fhreagracht a bhí ar Mhicheál D. mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta? (Alt 1)

**(ii)** Cén beart tábhachtach a rinneadh nuair a bhí Micheál D. ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus atá ina údar mór bróid dó? (Alt 1)

(7 marc)

**2. (a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi óige Mhichíl D. Uí Uiginn sular thosaigh sé ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. (Alt 2)

**(b) (i)** Cén tionchar a bhí ag 'an Ghaeilge bheo', a chuala sé á labhairt ag muintir Chonamara i Meiriceá, ar Mhicheál D.? (Alt 2)

**(ii)** Conas a tharla sé gur sa bhaile a fuair Micheál D. a chéad bhlas ar pholaitíocht na hÉireann? (Alt 2)

(7 marc)

**3. (a)** Cén fáth ar bronnadh Duais Síochána Mhic Giolla Bhríde ar Mhicheál D. sa bhliain 1992? (Alt 3)

**(b) (i)** Cad air a mbíonn poblacht cheart bunaithe, dar le Micheál D. Ó hUiginn? (Alt 3)

**(ii)** Conas atá sé léirithe ag Micheál D. gur scríbhneoir cumasach é? (Alt 3)

(7 marc)

**4. (a)** Conas a léirigh vótálaithe na hÉireann in 2018 go raibh siad an-sásta leis an gcéad tréimhse a chaith Micheál D. Ó hUiginn mar Uachtarán? (Alt 4)

**(b) (i)** Luaigh **dhá** shampla den ról tábhachtach atá ag an Uachtarán de réir Bhunreacht na hÉireann. (Alt 4)

**(ii)** Cén fáth ar tugadh suntas faoi leith don chuairt a rinne Micheál D. Ó hUiginn in 2014? (Alt 4)

(7 marc)

**5. (a)** Tabhair **dhá** shampla a léiríonn tábhacht na Gaeilge don Uachtarán. (Alt 5)

**(b) (i)** Cén ról atá ag innealtóirí maidir leis an athrú aeráide, dar le Micheál D.? (Alt 5)

**(ii)** Cén fáth ar bhunaigh sé an tionscnamh Machnamh 100? (Alt 5)

(7 marc)

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 2.

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith a bhaineann le Micheál D., dar leat. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht.
(Bíodh an freagra **i d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

**B – 50 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

**Draíocht na scannán fadó**

**1.** Thug mé ruaig ar na seanfhóid le déanaí chun a fháil amach an raibh an tseanphictiúrlann, 'An Model Cinema' i Mainistir Eimhín, ann i gcónaí. Tá, ach faraor is bocht an radharc anois an tseanphictiúrlann chéanna ar Rae Dhroichead Átha. Ba é an chéad rud a rith liom go raibh an foirgneamh i bhfad níos lú anois ná mar ba chuimhin liomsa é. Cé go bhfuil bail réasúnta maith fós ar an díon aispeiste, tá gloine na bhfuinneog briste pollta. Tá na doirse ag lobhadh agus ag titim as a chéile. Níl rian ar bith fágtha anois den dá bhealach isteach ón gcosán a bhíodh ann. Bhíodh dhá ghlób solais ar bharr colúin ar an tslí isteach chun na pátrúin a threorú go tír na n-iontas i saol na samhlaíochta agus na draíochta. Ní bhíodh mórán eile ar m'intinn ag an am ach na *flicks*, mar a thugtaí orthu, agus déanta na fírinne ní bhíodh mórán siamsaíochta eile ar an mbaile san oíche. Fearacht fhormhór na ndaoine sa bhaile mór, ní raibh teilifíseán sa teach againn agus chaithinn dul go dtí halla an CYMS gach oíche Déardaoin chun an tsraith theilifíse *The Fugitive* a fheiceáil. Ba ar éigean a bhínn in ann mo chos a chur thar leac an dorais. Ní bhíodh áit suí ná seasaimh taobh istigh toisc an seomra a bheith plódaithe.

**2.** Bhíodh súile gach duine sáite sa teilifíseán dubh agus bán sa chúinne, iad ag amharc go grinn ar thréaniarrachtaí Richard Kimble (an *Fugitive*) agus é sa tóir ar fhear na leathláimhe. Cuireadh coir bhréige ar Kimble agus gearradh príosún air. D'éalaigh sé agus anois bhí sé ag iarraidh breith ar fhear na leathláimhe le bheith in ann a dhearbhú go raibh sé féin neamhurchóideach. Ach dá fheabhas mar scéinséir mistéire é níor leor é le mo chíocras chun scannáin chrithlonracha na pictiúrlainne a shásamh. Trí huaire sa tseachtain a théinn chuig an bpictiúrlann – rud a chuireadh i dtrioblóid leis na Bráithre Críostaí go minic mé. Bhíodh binse fiosraithe romhainn gach maidin Luain chun a fháil amach cé a bhí ag na pictiúir an oíche roimh ré. Agus, dar fia, d'íocadh na coirpigh go daor as mura mbeadh an obair bhaile déanta acu an lá sin. Bhíodh an-spraoi agam ag crochadóireacht thart i dteannta mo chairde i siopa Robinsons sula dtéimis isteach 'i dteach na bpictiúr' a bhí le hais an tsiopa. Bhímis ag ól *Pepsi*, ag spochadh as a chéile agus ag amharc ar na cailíní ag dul thar bráid. Réal (sé pingine) an táille iontrála a ghearrtaí ar ghasúr scoile agus bhíodh dhá phingin eile agam faoi choinne barra *Butterscotch*, taifí a bhíodh chomh crua le cloch agus a tharraingeodh na fiacla as do cheann agus tú ag iarraidh é a chogaint. Bhínn chomh tógtha sin le plota an scéil sa scannán gurbh iomaí uair a bhain mé greim as mo theanga féin agus mé ag iarraidh an taifí a chogaint.

**3.** Ba mhinic le linn scannáin nuair a bhíodh cuid de mo chairde ag tarraingt achrainn, iad ag scairteadh nó ag caitheamh páipéir mhilseáin lena chéile, thagadh an teilgeoir anuas aniar aduaidh orainn ag beartú a thóirse agus ár ndalladh leis an solas ag iarraidh na maistíní ba mheasa a aithint. Ansin chuireadh sé an fhainic orainn: 'Ciúnas, le bhur dtoil, sna "sé pingine" nó stopfaidh mé an scannán'. Sa deireadh bhris ar fhoighne an teilgeora agus chuir sé cosc ar roinnt cairde de mo chuid teacht isteach sa phictiúrlann. An oíche dár gcionn d'eagraigh an dream sin agóid ina aghaidh taobh amuigh den phictiúrlann. Cé nár cuireadh aon chosc ormsa ní ligfeadh mo choinsias dom dul thar líne an phicéid. Nuair nár ghéill an t-úinéir don éileamh iad a ligean isteach, d'imigh cuid de na leaideanna ó smacht agus thosaigh siad ag caitheamh spallaí cloch ar dhíon na pictiúrlainne. Nuair a chuala an teilgeoir an trup trap os a chionn in airde, amach leis inár ndiaidh mar a bheadh fear mire ann. Thugamar do na boinn é lenár n-anamacha agus ba mhéanar dúinn nár rug sé ar aon duine againn an oíche sin.

**4.** Scannáin uafáis agus scannáin buachaillí bó agus Indiaigh Rua ba mhó a bhíodh á dtaispeáint san am sin. Is dócha go bhfaca mé na céadta scannán ach tá mórchuid acu ligthe i ndearmad agam cionn is nach raibh siad thar mholadh beirte. Seasann cúpla ceann amach i mo chuimhne, áfach. *High Noon*, mar shampla, agus Gary Cooper cróga lena ghnúis chreagach dhúshlánach i bpáirt Will Kane. Bhí Will Kane ina mharascal ar an mbaile agus b'éigean dó rogha a dhéanamh idir an baile a fhágáil lena bhean chéile óg nó an fód a sheasamh in éadan Frank Miller agus a bhuíon

meirleach. Atmaisféar bagrach amach is amach a bhí sa scannán sin. Géaraíodh ar an teannas leis an gcomhaireamh síos ar an gclog go dtí meán lae – am cinniúnach bháire na fola. Bhímis crochta ar chorr na cathaoireach agus ár gcroí inár mbéal ag féachaint ar Cooper agus é ag feitheamh ar theacht na traenach ina raibh Frank Miller. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar Grace Kelly, bean chéile álainn Cooper sa scannán, a chuidigh sa deireadh lena fear na drochdhaoine a shárú. Níor chaill fear an mhisnigh riamh. Scanraigh an scannán *Cú na mBaskerville* an t-anam asam. Bhí an ghruaig ina seasamh ar mo cheann agus mé ag siúl abhaile i ndiaidh an scannáin sin. Bhí na crainn thaibhsiúla ar thaobh an bhóthair ag cur scéine ionam agus mé ag samhlú gurbh arrachtaí scanrúla iad a bhí sa tóir orm.

**5.** Bhíodh an phictiúrlann an-tarraingteach go deo mar b'áit éalaithe í ó chruatan, ó leadrán agus ó ísle brí an tsaoil laethúil. Le teacht na teilifíse daite go beagnach gach teach, diaidh ar ndiaidh d'éirigh a lán daoine as dul go dtí na pictiúir agus b'éigean cuid mhór de na seanphictiúrlanna a dhruidim. Níor stop tionscal na scannánaíochta agus le himeacht na mblianta rinneadh forbairt ar an teicneolaíocht agus cumadh a lán ceoil le húsáid sna scannáin. Thuill an cumadóir, Ennio Morricone, a fuair bás in 2020, clú agus cáil dó féin leis an gceol nua a chum sé do scannáin. Thosaigh sé amach le ceol do na scannáin 'buachaillí bó spaigití' sna seascaidí. Ina measc sin, tá an-tóir i gcónaí ar *Once Upon a Time in the West*. Ar ardáin ar líne fearacht Netflix a amharcann tromlach na ndaoine óga ar scannáin sa lá atá inniu ann. É sin ráite, is an-taitneamhach an ócáid i gcónaí é féachaint ar phictiúr i gceann de na coimpléisc mhóra sna bailte móra, tú suite ar shuíochán deas compordach agus buicéad de ghrán rósta ar do ghlúine agat. Beidh cuimhní geala agam choíche ar an seanteilgeoir scannán mar b'fhiontraí treallúsach é a sholáthair siamsaíocht, spraoi agus draíocht do mhuintir an bhaile ar feadh 35 bliana nuair nach raibh mórán eile ar fáil dóibh ann. Cé gur cuimhin liom go maith é ag bagairt orainne sna 'sé pingine' go stopfadh sé an scannán mura mbeimis ciúin, ní cuimhin liom gur stop sé aon scannán riamh.

*Sliocht athchóirithe bunaithe ar alt le Séamus Kavanagh* in The Irish Times

**Ceisteanna**

**1. (a)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin gcuma atá ar an tseanphictiúrlann i Mainistir Eimhín anois. (Alt 1)

**(b) (i)** Cad a bhí ann chun na pátrúin a threorú go tír na n-iontas? (Alt 1)

**(ii)** Cén fáth a gcaitheadh an t-údar dul go halla an CYMS gach oíche Déardaoin? (Alt 1)

(7 marc)

**2. (a)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin bhfáth a mbíodh Kimble sa tóir ar fhear na leathláimhe. (Alt 2)

**(b) (i)** Luaigh **dhá** rud a bhíodh á dhéanamh ag an údar agus a chairde sula dtéidís isteach 'i dteach na bpictiúr'. (Alt 2)

**(ii)** Cad a léiríonn go mbíodh an t-údar an-tógtha le plota an scéil sa scannán? (Alt 2)

(7 marc)

**3. (a)** Cén chaoi a mbíodh cuid de chairde an údair ag tarraingt achrainn? (Alt 3)

**(b) (i)** Cén fhainic a chuireadh an teilgeoir ar na maistíní? (Alt 3)

**(ii)** Cad a rinne cuid de chairde an údair nuair nár ghéill an t-úinéir don éileamh iad a ligean isteach? (Alt 3)

(7 marc)

**4. (a)** Cén **dá** chineál scannán ba mhó a bhíodh á dtaispeáint san am sin? (Alt 4)

**(b) (i)** Cén rogha a bhí le déanamh ag Will Kane, marascal an bhaile, sa scannán *High Noon*? (Alt 4)

**(ii)** Cén fáth a raibh na crainn thaibhsiúla ar thaobh an bhóthair ag cur scéine san údar? (Alt 4)

(7 marc)

**5. (a)** Cén fáth arbh éigean cuid mhór de na seanphictiúrlanna a dhruidim? (Alt 5)

**(b) (i)** Conas a thuill an cumadóir, Ennio Morricone clú agus cáil sna seascaidí? (Alt 5)

**(ii)** Cén fáth a mbeidh cuimhní geala ag an údar ar an seanteilgeoir scannán? (Alt 5)

(7 marc)

**6. (a)** Aimsigh sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 1 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 4.

**(b)** Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais as an sliocht, **i d'fhocail féin**, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Freagair Ceist 2 (Prós) **nó** Ceist 3 (Filíocht).

## *Ceist 2 PRÓS (30 marc)*

**- PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH - (30 marc)**

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**
Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Cáca Milis**

**(a)** 'Sa scannán *Cáca Milis*, tugtar léargas dúinn ar an ngaol atá idir Catherine agus Paul.'

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**nó**

**An Lasair Choille**

'Sa dráma *An Lasair Choille*, tugtar léargas dúinn ar an ngaol atá idir Séamas agus Micil.'

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**nó**

**Oisín i dTír na nÓg**

**(b)** Maidir leis an scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

(i) An pháirt a ghlacann Niamh Chinn Óir sa scéal seo.

(ii) An léiriú a thugtar dúinn ar an ngaol atá idir Oisín agus Naomh Pádraig sa scéal.

(iii) An tréith bhéaloidis is mó a thaitníonn leat sa scéal seo. (Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.)

(30 marc)

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad iad tréithe an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa scannán sin?
Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar na tréithe sin ó thús deireadh an scannáin.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad iad tréithe an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa dráma sin?
Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar na tréithe sin ó thús deireadh an dráma.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

**(b)** Maidir leis an **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

(i) Saol an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa scéal.

(ii) An léiriú a thugtar dúinn ar an ngaol atá idir an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) agus carachtar (pearsa) eile sa scéal.

(iii) An ghné den scéal is mó a chuaigh i bhfeidhm ort. (Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

# *Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)*

**- FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH - (30 marc)**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**
Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) Colscaradh**

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Colscaradh*?
Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an bpríomhthéama sin sa dán.
(15 mharc)

(ii) An teideal oiriúnach ar an dán é *Colscaradh*, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)
(6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.
(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**nó**

**(b) Géibheann**

(i) Sa dán *Géibheann*, tugtar léiriú dúinn ar na difríochtaí atá idir an saol a bhíodh ag an ainmhí seo tráth agus an saol atá ag an ainmhí anois.
É sin a phlé.

(15 mharc)

(ii) Is as béal an ainmhí a thagann na focail sa dán seo.
An bhfuil an teicníc fhileata seo éifeachtach, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

**Géibheann**

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin sin? Déan plé ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

(ii) An bhfuil teideal an dáin oiriúnach do phríomhthéama an dáin, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

**nó**

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin sin? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(15 mharc)

(ii) Cén teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán? Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoi úsáid na teicníce sin sa dán.

(6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)

# *Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)*

**- LITRÍOCHT BHREISE - (40 marc)**

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**4A. An Triail**

'Tá tionchar mór ag mná eile ar shaol an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, sa dráma *An Triail*.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

'Saol bocht a bhí ag muintir na Gaeltachta sna caogaidí nuair a bhí Maidhc Dainín ag fás aníos ach bhíodar ábalta a spraoi féin a bhaint as an saol sin.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

'Tá sárléiriú le fáil sa *Tóraíocht* ar thréithe agus ar iompar Dhiarmada.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4D. Gafa**

'Sa sliocht as an úrscéal *Gafa*, tugtar léargas éifeachtach dúinn ar an ngaol idir Eithne agus Breandán, agus a mac Eoin.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4E. Canary Wharf**

'Ta léiriú éifeachtach sa scéal *Cosaint Sonraí* ar aigne Ghráinne agus mar a chuireann cás mhuintir Hilliard isteach uirthi.'

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

**4F. Dánta Breise - Colmáin**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Colmáin* (thall), dar leat? Déan plé ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Thógfaí ar shiúl é láithreach
agus dhéanfaí prácás bídh as canna stáin
a shá go míbhéasach faoina shoc. (10 marc)

(iii) Cén íomhá sa dán seo is mó a théann i bhfeidhm ort?
Tabhair **dhá** phointe eolais faoi éifeacht na híomhá sin sa dán. (10 marc)

## Colmáin

*i gcead do Sigurdur Pálsson*

An cat úd ar an seachtú hurlár de theach
ard cathrach, shíl sé ansiúd ina áras spéire
gur colmán a bhí ann ó dhúchas.

Ó saolaíodh é ba é an seachtú hurlár –
crochta ansiúd idir an saol agus an tsíoraíocht –
a bhaile agus a bhuanchónaí.

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,
cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.
Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht.

Shíl sé ar dtús gur duine a bhí ann,
gur ionann dó ina dhóigh agus ina chosúlacht
leo siúd ar dhá chois a bhí ina thimpeall.
Chuirfeadh sé naipcín fána bhráid
agus shuíodh sé ag an mbord go béasach
le greim bídh a ithe le lánúin óg an tí.
Ní raibh de thoradh air sin ach scread eitigh.
Thógfaí ar shiúl é láithreach
agus dhéanfaí prácás bídh as canna stáin
a shá go míbhéasach faoina shoc.

Is minic a shuíodh sé ina aonar
ar leac na fuinneoige, ag féachaint
ar na colmáin nach dtiocfadh ina láthair.
Amanta theastaigh uaidh téaltú chucu
go ciúin, súgradh leo go binn;
a chrúb a chur iontu ar son grinn.
Ar na laethe úd a mhothaíodh sé dáimh as an ghnáth
leis na colmáin, bhíodh iontas an domhain air
nach ndéanfadh siad cuideachta leis i dtráth ná in antráth.

Sa deireadh, lá buí Bealtaine le luí gréine,
chinn sé léim an cholmáin a thabhairt ó leac na fuinneoige
leis na heiteoga a bhí in easbaibh air … faraoir.

An lá a cuireadh i dtalamh é i bpaiste créafóige
sa chúlchlós, a chorp beag ina phraiseach,
bhí colmáin ag cuachaireacht ó gach leac fuinneoige.

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Gaeilge – Páipéar II

3 uair 5 nóiméad